FOGHLAIM AGUS FORBAIRT IOMLÁNAÍOCH ▪ SÚGRADH AGUS EISPÉIRIS PHRAITICIÚLA

EISPÉIRIS IOMCHUÍ SHUNTASACHA ▪ CUMARSÁID AGUS TEANGA ▪ AN TIMPEALLACHT FOGHLAMA ▪ CAIDRIMH

# Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Creatchuraclam do pháistí uile ó bhreith go sé bliana d'aois is ea Aistear. Tugann sé míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt ag baint úsáide as ceithre théama.



**Aidhmeanna (leathanach 18)**


Beidh leanaí

- → láidir go síceolaíoch agus go sóisialta
- → chomh sláintiúil agus chomh haclaí agus is féidir
- → cruthaitheach agus spioradálta
- → dearfach i leith na foghlama agus an tsaoil.

**Aidhmeanna (leathanach 49)**

Beidh leanaí in ann

- → foghlaim faoin domhan ina dtimpeall agus gheobhaidh siad tuiscint air
- → scileanna agus straitéisí a fhorbairt agus a úsáid a chabhróidh leo ar mhaithe le breathnóireacht, fiosrúchán, ceistiúchán, tuiscint, agus le fadhbanna a réiteach
- → iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua chun smaointe, mothúcháin, ábhair, agus gníomhartha a chur i láthair trí shiombailí
- → dearcadh dearfach a léiriú i leith na foghlama agus déanfaidh siad meonta áirithe a fhorbairt m.sh. fiosracht, spraíúlacht, comhsheasmhacht, agus muinín.








**Aidhmeanna (leathanach 38)**

Beidh leanaí in ann

- → úsáid a bhaint as scileanna cumarsáide neamhbhriathartha
- → úsáid a bhaint as teanga
- → cur lena dtuiscint ar an domhan trí chiall a bhaint as eispéiris trí mheán na teanga
- → iad féin a chur in iúl go cruthaitheach samhlaíoch.

**Aidhmeanna (leathanach 28)**

Beidh

- → féiniúlacht láidir ag leanaí agus braithfidh siad go bhfuil dea-mheas orthu
- → féiniúlacht ghrúpa ag leanaí
- → leanaí ábalta a gcearta a chur in iúl agus tuiscint a léiriú ar fhéiniúlacht, chearta agus ar dhearcadh daoine eile
- → léirthuiscint ag leanaí orthu féin mar fhoghlaimeoirí inniúla.



Comhlánaíonn agus cónascann *Aistear* le

- → *An Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige Saor in Aisce* (ECCE)
- → *Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige*
- → *Rialacháin um Chúram Leanaí, Seirbhísí Réamhscoile* (go háirithe Airteagail 5)
- → *Curaclam na Bunscoile*
- → *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol.*

## Uirlis Úsáide Aistear

Soláthraíonn Ríomhuirlis Úsáide Aistear réimse acmhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, nodbhileoga, bileoga eolais, podchraolta srl le cuidiú leat leas a bhaint as *Aistear* a oiriúnú do do chás féin. Tá fáil ar an Uirlis Úsáide ag **www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear**.


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.
Fón: +353 1 661 7177 Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie


FOGHLAIM GHNÍOMHACH ▪ TUISMITHEOIRÍ, TEAGHLACH AGUS AN POBAL

INDIBHIDIÚLACHT AN LINBH ▪ COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT ▪ LEANAÍ INA SAORÁNAIGH ▪ RÓL AN DUINE FHÁSTA